

# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

## SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR 2024

---

## SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

---

### PÁIPÉAR II – 100 MARC (80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

---

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

---

### ROINN A

#### PRÓS

#### Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Léiríonn an t-alt, ‘Scéalta as Tír na nÓg,’ le Liam Ó Muirthile, go mbíonn ról suntasach ag an scéalaíocht i bhforbairt an chaidrimh idir tuismitheoirí agus páistí.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don alt mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)
  
2. “Faightear léargas greannmhar in ‘M’Asal Beag Dubh,’ le Pádraic Ó Conaire ar thréithe an asail.”  
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.  
(40 marc)

## ROINN B

### FILÍOCHT

#### Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “An draíocht agus an áilleacht atá le feiceáil sa ghnáthrud is téama don dán ‘Cúl an Tí,’ le Seán Ó Ríordáin.”

Pléigh an ráiteas sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

#### CÚL AN TÍ

Tá Tír na nÓg ar chúl an tí,  
Tír álainn trína chéile,  
Lucht ceithre chos ag siúl na slí  
Gan bróga orthu ná léine,  
Gan Béarla acu ná Gaeilge.

Ach fásann clóca ar gach droim  
Sa tír seo trína chéile,  
Is labhartar teanga ar chúl an tí  
Nár thuig aon fhear ach Aesop,  
Is tá sé siúd sa chré anois.

Tá cearca ann is ál sicín,  
Is lacha righin mhothaolach,  
Is gadhar mór dubh mar namhaid sa tír  
Ag drannadh le gach éinne,  
Is cat ag crú na gréine.

Sa chúinne thiar tá banc dramhaíl'  
Is iontaisí an tsaoil ann,  
Coinnleoir, búclaí, seanhata tuí,  
Is trúmpa balbh néata,  
Is citeal bán mar ghé ann.

Is ann a thagann tincéirí  
Go naofa, trína chéile,  
Tá gaol acu le cúl an tí,  
Is bíd ag iarraidh déirce  
Ar chúl gach tí in Éirinn.

Ba mhaith liom bheith ar chúl an tí  
Sa doircheacht go déanach  
Go bhfeicinn ann ar chuairt gealaí  
An t-ollaimhín sin Aesop  
Is é ina phúca léannta.

4. “Sa dán ‘Faoiseamh a Gheobhadsa,’ le Máirtín Ó Direáin, pléann an file go cumasach le haoibhneas an oileáin agus le buairt na cathrach.”  
Pléigh an tuairim sin agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

### **FAOISEAMH A GHEOBHADSA**

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ar oileán mara,  
Ag siúl cois cladaigh  
Maidin is tráthnóna  
Ó Luan go Satharn  
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine,  
Ó chrá croí,  
Ó bhuairt aigne,  
Ó uaigneas duairc,  
Ó chaint ghontach,  
Thiar ag baile.